

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T3
Ainm an Agalláí	Máire Uí Cheallaigh
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	10/05/2006
Suíomh an Agallaimh	An Coimín, An Clochán
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

Tosach lochtach

\ _____ ,

Focal dothuigthe

\ _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

MÁIRE: Bhuel tá áit bheag ar na Cruacha go fóill, ní raibh sé i bhfad ón teach ar tógadh mé féin, síos díreach ón scoil, ar bhruach na habhanna, tá oileán beag ansin ar a dtugtar Srath na bPáistí. Agus sé an scéal a chuala mise fá Srath na bPáistí ná gur cuireadh an fear seo agus a bhean agus triúr páistí amach as a gcuid, amach as cibé cineál talaimh a bhí acu ar an taobh eile de na cnoic agus gur tháinig siad agus gur ch..., chuir siad suas bóthan beaga daofa féin ar an oileán bheag seo ar bhruach na habhanna agus bhí siad ina gcónaí ansin. Agus ní raibh bia ar bith acu, théadh an fear amach achan lá ag cuartú bígh agus thigeadh sé na bhaile agus traidhfil beag inteacht leis. Théadh sé fríd na tithe creidim agus gheobhadh sé uibheacha b'fhéidir ansiúd agus gheobhadh sé giota beag aráin anseo agus thigeadh sé abhaile agus sin an rud a choinnigh, choinnigh ag gabháil iad ar feadh, ar feadh tamall fada. Ach sa deireadh fuair na triúr páistí bás, bás leis an ocras agus leis an leatrom. Agus chuir, chuir an fear ins an, ins an, in sa tsrath iad agus tá na trí huaigheanna beaga sin le feiceáil go fóill ar an tsrath agus tugtar Srath na bPáistí air.

Tamall ina dhaidh sin fuair an bhean bás, agus níor mhaith leis an fhear, níor mhaith leis an bhean a chur in talamh nach raibh coisreactha agus thóg sé an corp ar a dhroim agus shiúl sé leis siar ag tarraingt ar reilg na nGleanntach. B'fhada an giota é ó na Cruacha go dtí reilg na nGleanntach agus fear bocht é féin, cineál ag fáil bháis leis an

ocras agus chuaigh sé siar ar scor ar bith go dtí gur dtáinig sé fhad leis an áit a dtugtar an Stucán air, áit atá in sa Stucán, cnoc ard atá ann, ná bealach mór an-ard agus tá tú ábalta gleann an nGleanntach a fheiceáil uaidh agus tá tú ábalta na Cruacha soir uait a fheiceáil ann. Agus bhí sé déanamh, bhí sé déanamh scríste ansin agus shuíodh sé tamall beag agus thógadh sé an t-ualach ar a dhroim ar ais agus rachadh sé píosa beag eile agus ní bhíodh sé giota ar bith go dtí go rachadh sé ar lu..., shuíodh sé síos ar ais agus dhéanadh sé scíste agus bhí sé ag gabháil mar sin agus bhí sé ag gabháil síos an mhullaigh, bhí mullaigh ansin agus bhí sé ag gabháil síos an mhullaigh agus bhí fear thall ar an Eadán, fear de mhuintir Challaige a chuala mé a bhí air agus chonaic sé an fear agus chonaic sé go raibh droch dhóigh air agus go raibh sé ag iompair ualach inteacht ar a dhroim agus dár leis féin, "tiocfaidh mé amach ina araicis go bhfeicfidh mé caidé atá contráilte". Tháinig an fear sin ina araicis agus chonaic sé caidé mar a bhí agus thóg seisean an corp ar a dhroim agus shiúl an bheirt acu siar go dtí sean reilig na, an Ghleanna, taobh seo de na Gleanntaí agus chuir siad an bhean ansin agus chuaigh an fear ansin isteach i dteach na mbocht agus fuair sé bás i dteach na mbocht.

DÓNALL: Dhia ár sábhail.

MÁIRE: Sé.

DÓNALL: Sin scéal ar dóigh a Mháire.

MÁIRE: Sin scéal, sin scéal fan, níl, níl mórán scéalta uilig againn fá na Cruacha fan Ghorta, cibé acu stad siad ag caint fá dtaobh do.....

DÓNALL:Sea. Tá a fhios agam.

MÁIRE: Agus dearnadh dearmad do, bhí, nó, b'fhéidir buaireadh orthu agus náire orthu.

DÓNALL: Níor mhaith leo a bheith ag caint faoi sin.

MÁIRE: Níor mhaith leo a bheith ag caint fá dtaobh do.

DÓNALL: A Mháire, tiocfaidh muid a fhad anois, dúirt tú go, teach pobal an Eadáin agus go bhfuil sé gabháil a bheith, go bhfuil siad ag ceiliúradh i mbliana céad bliain ó fosclaíodh é. Ar mhaith leat seanchas a inse domh?

MÁIRE: Bhuel, fá theach pobail Eadáin, dóigh a raibh, cha raibh teach pobail ar bith ann ó na Gleanntaí agus chaitheadh na daoine siúl siar na nGleanntach. Bhuel tá mé ag inse duit gur beag acu a shiúl achan nDomhnach ar scor ar bith, b'fhéidir go rachadh siad cúpla Domhnach sa bhliain.

DÓNALL: Rachadh.

MÁIRE: Agus ní thiocfadh leis na páistí a ghabháil amach an Aifrinn ó na Cruacha ach oiread. Tá a fhios agat, bhí giota maith ann ón Eadán féin le siúl na nGleanntach, chan amháin go mbeadh sé mhíle ó na Cruacha ansin go dtí an tEadán agus ba bheag duine a rachadh ach bhí fear amháin, fear de na Gallartaigh?????. Tháinig sé aníos as Droim an Aonaigh, chaith sé, chaith sé a shaol, ná cuid mhaith dá shaol in Albain agus gortaíodh é agus bhí sé rud beag bacach ach théadh an fear sin go han-mhínic, siúl dá chos agus é bacach siar go Aifreann an nGleanntach. Bhí fear eile ann fosta, fear a bhí an-diaganta ar a dtugtaí Eoghain Phádraig Mac Luain agus théadh seisean siar ach mórán eile acu, ní raibh rothar ar bith an t-am sin na dada.

DÓNALL: Ní raibh. Siúl ann.

MÁIRE: Agus ní rachadh siad, ní thiocfadh leofa. Ach ní théadh siadsan achan Dhomhnach ach rachadh siad mórán Domhantaí. Ach ar scor ar bith, bhítear ag cur suas teach pobail an Eadáin agus bhí an Gallartach as seo, bhí an dúil aige, bhí

teaghlach mór aige, bhí dhá chloigeann déag de theaghlach aige (12) agus ba mhaith leis léann agus creideamh a bheith ag na, ag na páistí, ar ndóigh agus chuaigh sé siar, é féin agus fear inteacht eile, fear eile dá raibh ainm dá Máнас `a Ceallaigh a raibh teaghlach maith aige fosta agus chuaigh siad siar na nGleanntach ag an tAthair Mhic Pháidín mórán uaireanna ag iarraidh air teach scoile a chur suas ar na Cruacha. Bhí an-rud scoláirí ann an t-am sin. Bhí an-rud daoine óga ann an t-am sin, an dtuigeann tú. Agus, ach ní thabharfadh an tAthair Mhic Pháidín, ní thabharfadh sé aird ar bith orthu. Cuireadh suas teach an phobail an Eadáin, mairim go raibh sin ar, ar na cardaí aigesan agus go raibh, gur shíl sé go raibh sin go leor agus an lá a cuireadh, a coisreacadh teach pobail an Eadáin, bhí an Gallartach ann agus an fear seo eile leis, Ó Ceallaigh, bhí fear inteacht eile fosta ach ar scor ar bith, nuair a bhí an tEaspag Ó Domhnaill ag fágáil thígh an phobail i ndiaidh an coisreacadh a dhéanamh, bhí siad ar *sidecar*, *sidecar* as na Gleanntaí darbh ainm do, fear darbh ainm do Andy John `ac Luain a bhí a dtiomáint. Ach ar scor bith chuaigh an Gallartach, an Gallartach suas agus bhain siad dhá cháibín agus dúirt sé "A Thiarna Easpaig, ba mhaith liomsa labhairt leat". Agus dúirt an sagart `ac Pháidín, bhí a fhios aige caidé a bhí faoi na bhairéaid, an dtuigeann tú, agus dúirt se leis "tiomáin leat", a dúirt sé leis an fhear, "na éist leis an fhear sin". "Ó", a deir an tEaspag, "caithfear éisteacht leis an fhear mhacánta seo". Is a bhuel, sé a dúirt an Gallartach. "tá mise i mo chónaí", a dúirt sé, "macasamhail sé mhíle soir ón áit seo. Ceantar bocht ar a dtugtar na Cruacha air", a dúirt sé, "agus tá suas le deich gcloigne agus fiche páistí ann agus níl scoil acu. Agus tá muid ag cuartú scoil don áit sin". Agus dúirt an tEaspag "caithfear amharc ina dhiaidh sin". Agus ina dhiaidh sin, go gairid ina dhiaidh sin, fuarthas cead scoil a thógáil. Ach níor tugadh pingin rua ón pharóiste le tógáil na scoile. S'iad na daoine iad féin a thóg an scoil. Thóg siad na carraigeacha thuas in sna Beanna agus d'íompair siad anuas le barraí láimh iad agus bhí *cart* ansin a tháinig aníos as Gleann Fhinne, ní raibh *cartanna* ar bith ar na Cruacha an t-am sin. Tháinig cúpla *cart* aníos as na Crua..., as na Gleann Fhinne agus thiomáin siad na clocha sin siar fhad leis an scoil. Agus tógadh an scoil gan pingin a thabhairt do dhuine ar bith, bhí obair in aisce a bhí ann uilig go léir caidé go dtáinig sé fhad leis an, an

DÓNALL: An dón. Sea.

MÁIRE: An díon. An díon a chuaigh air agus fear aníos as, aníos as, ó, Leitir, síos faoi na Gleanntaí ar scor ar bith. Níl mé ábalta teacht ar a ainm agus seisean a chur an *roof* air. Fear darbh ainm do Johnny Griffin, as Doire Luacháin é, sin an áit arbh as é, Doire Luacháin, agus seisean a chur an díon ar an teach. Ach lá amháin dá raibh na fir ag obair ag tabhairt anuas na clocha ó ón, ón bhinn, tháinig carr, carr, ar ndóigh carr agus beithíoch capaill thart agus bhí an bhean uasal seo ina suí ann agus tháinig sí anuas ón charr agus thosaigh sí a chaint leofa. Agus d'fhiafraigh sí daofa, bhí Gaeilge mhaith aici, caidé, caidé a bhí siad a dhéanamh agus d'inis siad an scéal dithi. Agus bhí an-suim aici ann, bhí a fhios aici gur ceantar mhór Gaeltachta a bhí ann, Úna Ní Fhaircheallaigh an t-ainm a bhí ar an bhean, bhí sí ina hollamh in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Agus chuaigh sí siar ag amharc ar an áit a raibh siad ag cur suas an tígh agus thug sí céad punta mar bhronntanas daofa agus sin an rud a chur fuinneoga agus doirse agus díon ar an teach. Ach níor bhfuair duine ar bith eile pingin ar bith, fuair na carraidí rud inteacht a bhí ag iompair na gclocha, ní as an cheantar iad, an dtuigeann tú ach tríd an cheantar, rinne siad an obair uilig go léir gan dada. Agus fosclaíodh an scoil. Níor thug Sagart 'ac Pháidín cuidiú ar bith daofa ná duine ar bith eile. Ach Úna Ní Fhaircheallaigh agus fosclaíodh an scoil ar 23 Mheán, Mheán Fómhair 1907. Agus bhí sé cloigne fichead, a bhí ar an scoil an lá a fosclaíodh í agus tamall ina dhiaidh sin, bhí thar dhá chloigne fichead ann. Agus bhí scoil oíche ann mar a dúirt mé fosta. Ba ghnách leis na gasúirí go mórmhór a bheith ar shiúl ar fostach, an dtuigeann tú, agus ní bheadh siad ann sa lá agus thigeadh siad fhad leis an scoil oíche agus mhair an scoil oíche ar feadh cúpla lá, bhuel ar feadh cúpla séasúr. Agus mhair an scoil, mise a thiontaigh an eochair a dhruid an scoil

DÓNALL: An bé tusa an múinteoir deireannach?

MÁIRE: Mise an múinteoir deireannach a bhí ar an scoil. Níor chóir í a dhruid an t-am sin ach oiread leis sin ná bhí deich gcloigne ná chloigeann déag scoláirí ann ach bhí

cigire thart ansin agus dúirt sé nach de mhuintir na háite iad. Ba chuma sin, thiocfadh leo a ghabháil go áit ar bith ní.

DÓNALL: Agus cén bhliain a bhí ann arís a Mháire, a dúirt tú?

MÁIRE: An bhliain a druideadh an scoil?

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: 1971, a druideadh an scoil. Bhí sí foscailte ó 1907 go dtí 1971.

DÓNALL: An bé tusa an duine deireannach a thiontaigh an eochair?

MÁIRE: Mise a thiontaigh an eochair ann go deireannach ar an scoil. Agus níor chóir, bhuel, b'fhéidir dá bhfanfainn ann ach bhí eagla ormsa, bhí shúil go gcuirfí mise ar an *phanel*, agus ag Dia atá a fhios, b'fhéidir gur síos go Gaoth Dobhair a chuirfí mise. (Gáire)

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Agus bhí m'athair ag éagaint agus níor mhaith liom an baile a fhágáil.

DÓNALL: *No*, ní raibh tú fá choinne, tá a fhios agam.

MÁIRE: Ní raibh sé ag foirstin domh. Agus bhí an jab in sa scoil, nuair a thosaigh mé ag obair ann i dtosach, thíos ar an Mhín Glas agus chuaigh mise fá choinne an jab sin mar phríomhoide. Agus fuair mé ansin agus chaith mé an chuid eile de m'am ag teagasc ar an Mhín Glas.

DÓNALL: A Mháire, bhí muid ag caint nuair a tháinig mé isteach, ag caint fan traen a bhí ag gabháil anseo. Bhí sé iontach úsáideach nuair a bhí sibh ag cur ar shiúl an eallaigh as na Cruacha agus inis domh.....

MÁIRE:Agus bhí, bhí, bhí sé agus na daoine a bhí ag gabháil ar fostaíoch, bhí sé an-, bhí sé an-mhaith acusan.

DÓNALL: Bhí siad ag imeacht an Lagáin.

MÁIRE: Chaitheadh siad, sea, chaitheadh siad siúl go Bealach Feith roimhe sin agus bhí siad ábalta ansin fáil ar an traen ar ndóigh.

DÓNALL: Sea. Agus bhí siad ag cur ar shiúl na móna fosta a Mháire, ar an traen?

MÁIRE: Ó bhí, cur an mhóin, ó sin am an chogaidh ag cur ar shiúl an mhóin.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Sin cogadh deireannach. Ní shílím go raibh móin ar bith dá cur ar shiúl sa chéad chogadh.

DÓNALL: *No*, ní dóiche.

MÁIRE: Ní shílím go raibh.

DÓNALL: Ach tá cuimhne agatsa ar an cheann deireannach?

MÁIRE: Ó tá cuimhne agamsa ar an cheann deireannach cinnte agus bhítear ag *cartal* mhóna soir go dtí staisiún an Chlochchain agus bhí siad ag tabhairt ar shiúl na móna.

Agus rud eile a bhítear ag tabhairt ar shiúl an t-am sin, b'fhéidir nach bhfuil a fhios agatsa dada fá dtaobh de, *bog oar*.

DÓNALL: An raibh?

MÁIRE: An mhothaigh tú iomrá ar *bog oar*?

DÓNALL: *No.*

MÁIRE: *Stuff* dearg atá ann a thógtar sa phortach, ní bhíonn sé in achan phortach, anois. Bhí sé in san phortach anseo. *Stuff* iontach dearg a bhí ann agus cibé gnoithe a bhí acu leis, am an chogaidh, bhítear ag ceannach *bog oar*. Lódanna móra de, de *stuff* dhearg, bhí sé idir a bheith cosúil le gráibhéal agus portach, an dath dearg a bhí air. Agus bhí siad ábalta, bhí siad ábalta rud inteacht a dhéanamh do. Caithfidh sé gur fá choinne piléir ná rud inteacht a bhí sé.

DÓNALL: Caithfidh sé go bé.

MÁIRE: *Bog oar. Aye.* Agus bhí daoine ag *cartal bog oar* soir go dtí staisiún an Chlochain fosta.

DÓNALL: Lódaí de le carr?

MÁIRE: Le, le, le *cartanna*.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: *Cartanna.*

DÓNALL: An raibh sé mar a ruaig???, dath rua air?

MÁIRE: Bhí sé, dath rua mar sin air.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Creidim go raibh sé muintir ag an rua mheirg.

DÓNALL: Déarfainn go raibh. Tá sé go díreach....

MÁIRE:Bhí sé ar an chnoc anseo ná chuala mise John ag rá nuair a bhí sé ina ghasúr, nuair a bhí seisean óg, go raibh siad, gur chur siad ar shiúl cúpla lód *bog oar*.

DÓNALL: Mmm.

MÁIRE: An t-am sin, am an chogaidh.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

MÁIRE: Ar chuala tú iomrá ar an snáith leonta?

DÓNALL: Tá.

MÁIRE: Snáithe, níl, níl sé ag achan duine ach tá sé ag corr dhuine, an dtuigeann tú?

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Agus tá sé ag John Dhomhnaill Andy. Snáithe linnéide atá ann.

DÓNALL: Sea, mhothaigh mé iomrá air.

MÁIRE: Agus cibé, cibé, deasghnáth atá aigesan, tá sé ábalta é a choisriceadh nó rud inteacht agus má tá do mhurnán amach as áit ná dada mar sin, thig leat é '_____' agus tá sé fíor, tá sé an-mhaith.

DÓNALL: Nach cinnte go bhfuil.

MÁIRE: Tá sé iontach maith. Bhuel ansin bhí daoine ann a raibh leigheas déideadh acu.

DÓNALL: Raibh? Níor chuala mé an ceann sin.

MÁIRE: Níor chuala tú iomrá ar leigheas déideadh?

DÓNALL: *No.*

MÁIRE: Bhí. Ach ní raibh aon duine acu sin fá na Cruacha, bhí sé, bhí fear inteacht siar cóngarach ar na Gleanntaí agus bhí leigheas déideadh aige. Breslins?????

DÓNALL: Dhia ár sábháil.

MÁIRE: Má tá déideadh ort anois, gheobhaidh tú an fhiacail amach ansin.

DÓNALL: Sea, imeoidh tú ag an *dentist*.

MÁIRE: (Gáire) *Aye*, rachaidh tú ag an *dentist*.

DÓNALL: Tiocfaidh tú na bhaile agus pluc mhór atá ort.

MÁIRE: (Gáire) Sin an rud anois agus cén leigheas, leigheas eile? Leigheas, leon, leonta is mó ar chuala mise iomrá air. Agus le... Ó, sea, bhí leigheas acu in am amháin

ar sceadamán frithir. Bé an rud, dá mbeadh sceadamán frithir ort fad ó shin, ní bheifeá ag gabháil ag an dochtúir fá choinne *tablets* a fháil.

DÓNALL: Ní bheadh.

MÁIRE: Ach bhí leigheas acu agus is cuimhne liomsa nuair a bhí muid inár bpáistí, shuífeá ar stól beag íseal, stól beag íseal a bheadh ann ar ndóigh ag páiste agus thiocfadh duine inteacht agus chuirfeadh sé a dhá lámh mar sin ar d'aghaidh agus déarfadh sé

“an leon, an, an, an leon ó seo,
ní hé an gortú,
an gortú seo ,
ní hé an leon tú”.

Rud inteacht mar sin a déarfadh sé agus bhíodh sé cuimilt suas ar do dhá phluc agus bhí sé ábalta leigheas, agus bhfuil a fhios agat caidé mar a thug siad an sceadamán frithir ar an t-am sin? Seile seáin.

DÓNALL: Mhothaigh mé sin ag mo mháthair.

MÁIRE: Ar mhothaigh tú sin?

DÓNALL: Mhothaigh mé sin.

MÁIRE: Sin leigheas, an seile seáin.

DÓNALL: Seile seáin.

MÁIRE: Níl a fhios agamsa caidé an dóigh a scríofá, seile, creidim silead, s-e-i-l-e, seile.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Agus caidé rud an seáin?

DÓNALL: Ní thuigim.

MÁIRE: Níl a fhios agam ach oiread é.

DÓNALL: *No*, níl a fhios agam.

MÁIRE: Chuala mé, chuala tusa seile seáin?

DÓNALL: Ó, chuala mé sin go minic.

MÁIRE: Ó, bhí seile seáin an, *em*, bhí, bhí sé agam, an, an t-am sin, bhí sé iontach fairsing. Ach ní mhothófá duine ar bith ag caint ar seile seáin anois.

DÓNALL: Ó, *no*.

MÁIRE: Tá *tablets* acu fá choinne achan sóirt anois.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Pian, pian droime, fan go bhfeicfidh tú, ní raibh leigheas ar bith fá choinne pian droime. Ní raibh.

DÓNALL: *No*.

MÁIRE: Níor, níor mhothaigh mé é. Níor mhothaigh mise leigheas ar bith eile, ar mhothaigh tusa leigheas ar bith eile?

DÓNALL: Bhí leigheasanna ansin fá choinne an eallaigh. Bhí siadsan ann fosta.

MÁIRE: Ó, bhí. Bhí leigheas ag deartháir *Mhary Jimí, Mary Mc Garrigle* fá choinne eallach. Rud, rud inteacht a dtugtaí *sliptail* air.

DÓNALL: *Mmm*, húm.

MÁIRE: Níl a fhios agamsa caidé an sórt rud an *sliptail* agus dhéanadh sé *packet* suas agus chuireadh sé im ann agus chuireadh sé sórt inteacht glasraí ann, *dandelion* ná bhfuil a fhios agat, rud, cas searbhán, agus ghearradh sé suas é agus chuireadh sé salainn ann agus dhéanadh sé suas é agus ghearradh sé *slip*, in ruball, in ruball na bó le scian agus chuireadh sé sin isteach ann agus chasadh sé bréid ar ansin agus d'fhágadh se ann é ar feadh trí lá. Agus bhí sin ábalta....

DÓNALL: Bhí sin ábalta....

MÁIRE: *Sliptail* a leigheas.

DÓNALL: É a leigheas.

MÁIRE: Cibé rud a bhí sa *sliptail*, níl a fhios agam.

DÓNALL: Dhia ár sábháil.

MÁIRE: Chuala, chonaic mé sin. Níl a fhios agam an raibh leigheas ar bith eallaigh ann? Ní shílím, ní shílím go raibh anois. Níor chuala tusa iomrá ar leigheas ar bith eile?

DÓNALL: *No*. Ní mé ábalta smaoineamh ar aon cheann.

MÁIRE: Níl mise ábalta smaoineamh ar, dá smaoineofá tusa air, b'fhéidir go mbeadh sé agam.

DÓNALL: Sea. *No*, níl mé ábalta smaoineamh ar aon cheann ansin anois.

MÁIRE: *Mumps!* Bhfuil leigheas *mumps* ann?

DÓNALL: Sílim go raibh.

MÁIRE: Bhí, bheadh d'aghaidh, bheadh d'aghaidh uilig go léir atá ag *mumps* agus sílimse go raibh leigheas inteacht *mumps* ann, níl a fhios agam é. Níl a fhios agam. Níl a fhios agam mórán leigheasanna anois ar chor ar bith. Ach amháin, leigheas, leigheas an eallaigh, an *sliptail* a bhí ar, ar an eallach. Tá a fhios agam fosta gur casachta, leigheas casachtaigh. Bhí buachaill fostaí againn am amháin agus dá mbeadh casachta ar bhó, rachadh sé amach agus gheobhadh sé luibh, luibheanna, níl a fhios agamsa cé na luibheanna a gheobhadh sé agus chuireadh sé uisce te anuas ar na luibheanna ná bhruitheadh sé iad ná rud inteacht agus thugadh sé don bhó iad le, le, leis an chasacht, le biseach a chur ar an chasachtach. Chonaic mé sin déanta.

DÓNALL: Agus leigheasfadh sé é.

MÁIRE: Agus leigheasfadh sé an chasachtach. Ní raibh rith ag, ní fhaca mise *vet* ariamh ag teacht fhad leis an teach.

DÓNALL: Ó, *no*.

MÁIRE: Go dtí leis na blianta deireannacha.

DÓNALL: Bhí siad ró chostasach.

MÁIRE: Bhuel, sin é agus ní raibh, ní raibh muinín ag duine ar bith astu.

DÓNALL: *Mmm.*

MÁIRE: Dá mbeadh siad féin ábalta rud inteacht a dhéanamh leis, b'fhearr ná sin ná ligean di bás a fháil.

DÓNALL: Sea.

DÓNALL: Rachaidh muid ar ais go dtí na tithe a Mháire. Bé tithe ceann tuí is mó, bhuel, is dóiche go bé ceann tuí a bheadh ar na tithe uilig agus

MÁIRE: Tithe ceann tuí uilig a bhí ar na Cruacha i m'amsa ach amháin dhá theach, sea, dhá theach, teach Mary Jimí.

DÓNALL: *Mmm.*

MÁIRE: Dochartaigh. Tá coill thart fá dtaobh de anois agus teach sclátaí a bhí ansin. Cuireadh suas é in sa bhliain 1915 ná *damna*, c'ainm atá air, a tugadh, *em, Ordnance* ná rud inteacht, níl a fhios agam caidé an, bhí ainm inteacht ar an rud, an *ghranta*, sin an chéad *ghrantanna* a tháinig ar scor ar bith.

DÓNALL: *Mmm.*

MÁIRE: I dtrátha 1915, sílim.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Cuireadh suas an teach sin agus bhí teach eile ar an bhealach mhór faoi sin ar a dtugtaí teach Iphartaigh air agus bhí sclátaí ar an teach sin. Sin an t-aon dá theach

sclátaí a bhí ar na Cruacha go dtí go raibh mise ceithre bliana déag agus nuair a bhí mé ceithre bliana déag, cuireadh suas teach Joe Pheadair. Bhí *grant* mór fá na choinne an t-am sin. Bhí céad go leith punta, ba mhó an rud céad go leith punta an t-am sin.

DÓNALL: Ba mhór.

MÁIRE: Agus thiocfadh leat ansin iasacht a fháil fá choinne tuilleadh dá mbeadh sé dhith ort.

DÓNALL: Tá a fhios agam, má bhí sé dhith.

MÁIRE: *Yeah.* Agus cuireadh suas an dá, agus sin, sin an t-aon tithe sclátaí a bhí ar na Cruacha, tithe ceann tuí uilig.

DÓNALL: *So,* caidé cineál tuí a bhí sibh chur, bé sin fionnán a bhí sibh a chur air?

MÁIRE: Ó, ní hea, *em,* luachair.

DÓNALL: Bé?

MÁIRE: Luachair a chuirte orthu, sea.

DÓNALL: Agus c'áit a mbainfeá sin a Mháire?

MÁIRE: Ó, bhí, bhí luachair ag fás thall agus abhus, cuid, cuid de sna páirceanna, cuid de na sna cnoic anois agus arís.

DÓNALL: *Mmm.*

MÁIRE: Agus dhéanadh siad, ghearradh siad an luachair, bhaineadh siad é le, le speal agus ansin dhéanadh siad corrogaí do. Ar mhothaigh tú corróg?

DÓNALL: *Mmm*, húm.

MÁIRE: Corróga luachra agus ansin d'iompródh siad ar a ndroim ansin, beairtín de ar a ndroim ansin go dtí go n-iompródh siad oiread agus a dhéanfadh gnoithe fá choinne tuí a chur ar teach ná tuí a chur ar chruach, chruach arbhair.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Ná cruach, ná cruach mhóna. Chuireadh siad tuí ar chruach mhóna fosta.

DÓNALL: Chuireadh siad tuí ar chruach na móna fosta?

MÁIRE: Ó, chuireadh siad tuí ar chruach na móna agus dá mbeadh an mhóin gan, gan a bheith iontach iontach tirim, dá mbeadh tuí uirthi agus í a fhágáil ansin ar feadh cúpla mí, bheadh sí chomh tirim le....

DÓNALL:Feadóg, bheadh, bheadh????

MÁIRE: Le rud ar bith ansin.

DÓNALL: Oiread is dá mbeadh sí istigh sa teach go díreach.

MÁIRE: Ó, sea.

DÓNALL: Bheadh.

MÁIRE: Go díreach, bhí.

DÓNALL: Ach na tithe, an raibh siad seascair a Mháire, ansin, *like?*

MÁIRE: Bhuel, shíl daoine ansin go raibh siad seascair go leor ach ní raibh daoine cleachtaithe le seascair an t-am sin.

DÓNALL: Ní raibh.

MÁIRE: Cistineach mhór fhada a bhí ann. Is cuimhne liomsa nuair a bhítí ag imirt chardáí sa teach s'againne thiar sa bhaile ar na Cruacha, bhí tine mhaith againn ach an '_____' a bhí abhus cóngarach den tine, bhíodh siadsan breá te ach murach bhí thíos ag ceann an tábla, bhí na cosa fuar orthusan (gáire).

DÓNALL: Agus caidé cineál urláir a bhíodh iontu a Mháire, raibh, raibh?

MÁIRE: Bhuel, urlár créafóige is mó a bhí ann i dtosach ach ansin le mo linnse, thosaigh daoine ag cur isteach urlár, urlár stroighin, urlár *cement*.

DÓNALL: *Mmm*, hóm.

MÁIRE: Agus bhí urlár *cement*, an chuid is mó de na tithe anois, bhí cuid acu a raibh urlár, urlár créafóige iontu.

DÓNALL: Sea. Agus leacacha creidim i gcuid acu?

MÁIRE: Bhí leacacha i gcuid acu fosta, bhí. Urlár leacacha, ba doiligh na leacacha a fháil. Chaithfeadh siad a bheith iontach cothrom, an dtuigeann tú.

DÓNALL: Sea. Chaithfeadh siad a bheith cothrom, sea. Tá a fhios agam caidé a bhfuil tú rá.

MÁIRE: An teach sin, a raibh, *em*, Mary, Mary Jimí, ar tógadh Mary Jimí ann, an teach sin, teach mór sclátaí a bhí ansin, t-aon teach mór sclátaí a bhí ar na Cruacha, an t-am sin. Bhí trí sheomra ann sílim agus cis., sea, trí sheomra agus cistineach a bhí ann agus ba dh., bhí na cailíní, bhí triúr cailín ann agus bhíodh siad ar shiúl ar fostach agus thigeadh siad abhaile ó am go hama. Am ar bith a dtiocfadh na cailíní abhaile, bheadh damhsa ann. Agus bhí urlár, sin an chéad urlár *cement*, sílim a chonaic mé, mórán, bhí urlár, urlár *cement* ansin. Agus rachadh oíche dhamhsa ann, is iomaí oíche a bhí mé ann agus gan mé ach mhacasamhail, bhliain déag ná dhá bhliain déag, is iad, rachadh achan duine ann an t-am sin. Ach ar scor ar bith, bhí tithe eile fosta, *Yankees* ag teacht abhaile.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Teach, teach Pháidí Chonaill, teach Mhic Ginley ansin agus bhí urlár, urlár, *eh*, stroighin acusan fosta.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Agus bhíodh oíche dhamhsa ann i gcónaí, *convoy* fá choinne na, fá choinne na *Yankees*.
